



Ciorclán 0032/2019

**CHUIG BOIRD BAINISTÍOCHTA, PRÍOMH-MHÚINTEOIRÍ AGUS FOIREANN
TEAGAISC I SCOILEANNA SPEISIALTA**

**Ceapachán Leas-Phríomhoide Riaracháin agus Socruithe Foirne
i Scoileanna Speisialta don scoilbhliain 2019/2020**

1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo gach foireann bainistíochta agus gach ball foirne i scoileanna speisialta a chur ar an eolas maidir le:

- Tabhairt isteach na gceapachán, agus critéir lena n-aghaidh, maidir le poist mar Leas-Phríomhoide Riaracháin i scoileanna speisialta ag tosú sa scoilbhliain 2019/2020.
- Athdhearbhú na socruithe le haghaidh foirne teagaisc i scoileanna speisialta, mar a tugadh isteach in 2012 i gcomhréir le [Ciorclán 0042/2011](#).
- Clárú daltaí i scoileanna speisialta.

2. Ceapachán Leas-Phríomhoide Riaracháin i Scoileanna Speisialta don scoilbhliain 2019/2020

Ón scoilbhliain 2019/2020, féadfaidh scoileanna speisialta Leas-Phríomhoide Riaracháin a cheapadh ar bhonn fhoireann teagaisc de Phríomhoide + 15 mhúinteoirí ranga nó níos mó.

Beidh sé sin bunaithe ar líon na bpost mar mhúinteoirí ranga i mbliain an cheapacháin.

Chun na críche sin, is poist mhúinteoireachta iad poist mar mhúinteoirí ranga a leithdháiltear ar bhonn bliantúil, mar fhreagra ar líon agus ar phróifíl na ndaltaí a chláraíonn i scoil.

Níor cheart a chur san áireamh poist eisceachtúla teagaisc do chuspóirí sonracha gearrthéarmacha; Uaireanta Teagaisc Speisialaithe Páirtaimseartha agus Uaireanta Comhartheagaisc.

Ba chóir do scoileanna speisialta teagmháil a dhéanamh le Rannóg Oideachais Speisialta na Roinne, mura bhfuil siad cinnte faoi cé acu poist teagaisc a cháilíonn do cheapachán mar Leas-Phríomhoide Riaracháin.



Ba chóir poist mar Leas-Phríomhoide Riaracháin i scoileanna speisialta a líonadh trí chomórtas oscailte. Ní mór an ceapachán a dhéanamh de réir na nósanna imeachta chun poist mar phríomhoide a cheapadh mar atá leagtha amach sa Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna.

3. Socruithe Foirne Teagaisc do Scoileanna Speisialta.

Tá an Chomhairle Náisiúnta ar Oideachas Speisialta (CNOS) freagrach as na leibhéil chúí foirne a chinneadh maidir le tacaíocht do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna speisialta, i gcomhréir le polasaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna. Déanann an CNOS athbhreithniú agus nuashonrú ar leithdháiltí foirne scoile speisialta gach bliain.

Ó 2012, leithdháiltear baill foirne ar scoileanna speisialta bunaithe ar a bpróifílí iarbhír daltaí agus ar chatagóir míchumais gach dalta, seachas a bheith bunaithe go príomha ar ainmiú scoile, mar atá leagtha amach i [gCiorclán 0042/2011](#) na Roinne. Déantar amhlaidh mar aitheantas ar obair a lán scoileanna speisialta maidir lena gcuid dualgas a leathnú agus daltaí le raon leathan de riachtanais speisialta oideachais a rollú, chun freastal ar riachtanais a bpobal. Fáiltíonn an Roinn roimh an gcleachtas sin agus spreagtar scoileanna speisialta chun a mbeartas rollaithe a leathnú, chun freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil na riachtanais is casta acu.

Leanfar ar aghaidh ag soláthar foirne do scoileanna speisialta ar bhonn rolluithe reatha scoile agus chatagóir míchumais gach dalta gach bliain. Tá an cóimheas dalta-múinteora in earnáil na scoileanna speisialta idir 11:1 agus 6:1 ag brath ar phróifíl dhaonra na ndaltaí i scoil.

Is faoi na scoileanna speisialta é a bhfoireann teagaisc a úsáid chun freastal ar riachtanais chohórt na ndaltaí agus chun socrúchán aois-oiriúnach a chinntiú.

4. Socruithe Ath-implonaithe

Tá leithdháileadh post múinteoireachta do scoileanna speisialta ag brath ar scoileanna speisialta ag comhlíonadh socruithe ath-implonaithe. Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta tagairt a dhéanamh do shocruithe ath-implonaithe reatha chun folúntais teagaisc a líonadh.

5. Rollú daltaí i Scoileanna Speisialta

Is é polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna gur chóir leanaí le riachtanais speisialta oideachais a chur san áireamh nuair is féidir agus is cuí i socrúcháin phríomhshrutha le tacaíochtaí breise curtha ar fáil. I gcásanna ina bhfuil idirghabhálacha níos speisialaithe ag teastáil ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déantar soláthar d'áiteanna i scoil speisialta nó d'áiteanna i ranganna speisialta.

Tá foráil reachtach don oideachas cuimsitheach leagtha amach in Alt 2 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004, ina n-éilítear an méid a leanas:



“Cuirfear oideachas ar leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige i dtimpeallacht chuimsitheach le leanaí nach bhfuil a leithéid de riachtanais acu mura rud é go bhfuil nádúr nó méid na riachtanas sin ag an leanbh ionas nach mbeadh sé sin ar aon dul le:

Leas an linbh a chinnfear i gcomhréir le haon mheasúnú a dhéantar faoin Acht seo

Soláthar éifeachtach oideachais do leanaí a gcuirfear oideachas ar an leanbh ina dteannta.”

Tá nádúr agus leibhéal na freagartha oideachais bunaithe ar riachtanais gach linbh aonair a ndéantar measúnú gairmiúil air. Ní mór do gach dalta atá cláraithe i scoileanna speisialta moladh gairmiúil a bheith acu ina luaitear go bhfuil riachtanais fhoghlama chasta nó throma ag an dalta a éilíonn tacaíocht ó shuíomh scoile speisialta agus na cúiseanna leis sin.

6. Comhairle faoi Bheartas CNOS ar an Soláthar Oideachais i Ranganna Speisialta agus i Scoileanna Speisialta

Tá an Chomhairle Náisiúnta ar Oideachas Speisialta (CNOS) ag forbairt comhairle faoi bheartas i láthair na huaire ar an soláthar oideachais ba chóir a bheith i bhfeidhm do dhaltaí a bhfuil oideachas á chur orthu i scoileanna agus i ranganna speisialta agus déanfaidh sé moltaí ar an soláthar a theastaíonn chun cur ar chumas daltaí i scoileanna agus ranganna speisialta torthaí níos fearr a bhaint amach. Iarradh ar an CNOS a thuarascáil a chomhlánú agus a chur faoi bhráid an Aire tráth nach déanaí ná mí an Mheithimh 2020.

Ní bheidh aon athrú ar na socruithe foirne atá i bhfeidhm faoi láthair i scoileanna speisialta, go dtí go bhfaighfear an chomhairle faoin mbeartas seo.

Eddie Ward
Príomhoifigeach
Rannóg Oideachais Speisialta

29 Bealtaine 2019